Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Iúil 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0191 (COD)**

**10027/21**
**ADD 3**

**EF 206**
**ECOFIN 618**
**CODEC 935**
**ENV 446**
**SUSTDEV 86**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Iúil 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 182 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bannaí glasa Eorpacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 182 final.

---

Faoi iamh: SWD(2021) 182 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 6.7.2021
SWD(2021) 182 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le bannaí glasa Eorpacha**

{COM(2021) 391 final} - {SEC(2021) 390 final} - {SWD(2021) 181 final}

## Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair ar thogra reachtach ar bhannaí glasa Eorpacha (BG-AE)

### A. An gá atá le beart

**Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?**

(1) D'ainneoin úsáid fhorleathan caighdeán margaidh le haghaidh bannaí glasa, is féidir go mbeidh sé costasach agus dian ar infheisteoirí an tionchar comhshaoil dearfach atá ag infheistíochtaí atá bunaithe ar bhannaí a chinneadh agus bannaí glasa éagsúla a chur i gcomparáid lena chéile.
(2) Le haghaidh eisitheoirí, de dheasca nach ann do shainmhínithe coiteanna ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha glasa, cruthaítear neamhchinnteacht maidir leis na gníomhaíochtaí is féidir a mheas mar ghníomhaíochtaí atá glas go dlisteanach agus is féidir go mbeidh rioscaí ann dóibh ó thaobh clú de mar gheall ar chúisimh ionchasacha i leith snas glas in earnálacha áirithe.
(3) Le haghaidh eisitheoirí, is féidir go mbeidh costais bhreise ag gabháil le deighilt na gcleachtas margaidh.

Tá na trí fhadhb sin nasctha le (1) easpa sainmhínithe soiléire agus comhchuibhithe ar thionscadail ghlasa agus bannaí glasa, agus (2) ilchineálacht, easpa trédhearcachta, agus saincheisteanna a bhaineann le coinbhleachtaí leasa braite nó iarbhír i margadh an athbhreithniúcháin sheachtraigh. Cuireann na fadhbanna sin le riosca an tsuaite margaidh amach anseo de thoradh an tsnasa ghlais agus d'fhéadfadh nach dtreorófaí dóthain infheistíochta chuig tionscadail ag a mbíonn tionchar substaintiúil ar an aeráid agus an gcomhshaol mar thoradh air, agus go gcuirfí bac ar chomhlíonadh spriocanna comhshaoil an Aontais ar an gcaoi sin.

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?**

Is é an cuspóir atá ann ná leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh aonair chun rannchuidiú le spriocanna aeráide agus comhshaoil an Aontais, trí fhorbairt bhreise an mhargaidh i gcomhair bannaí glasa ardcháilíochta a éascú agus suaitheadh sna margaí bannaí glasa atá ann cheana á íoslaghdú. Bhainfí é sin amach trí chaighdeán deonach nua a bhunú le haghaidh bannaí glasa ardcháilíochta (1) a chuirfeadh feabhas ar chumas infheisteoirí na bannaí sin a shainaithint agus iontaoibh a chur iontu agus (2) eisiúint na mbannaí sin a éascú trí shainmhínithe glasa a shoiléiriú, cleachtais athbhreithnithe sheachtraigh a chomhchuibhiú, agus riosca féideartha le haghaidh eisitheoirí ó thaobh clú de a laghdú.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?**

Tá margadh na mbannaí glasa idirnáisiúnta ann féin, agus rannpháirtithe ag trádáil agus ag baint úsáid as seirbhísí athbhreithnithe sheachtraigh thar theorainneacha. Trí bheart a ghlacadh ar leibhéal an Aontais seachnaítear an baol go ndéanfaí blúiriú ar an margadh Eorpach i gcomhair bannaí glasa agus seirbhísí gaolmhara athbhreithnithe sheachtraigh, agus tacaítear le cothroime iomaíochta le haghaidh gníomhaithe sna margaí sin. Tá idirghabhálacha éagsúla i gceist le reachtaíocht ábhartha eile ar leibhéal an Aontais ar nós an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht.

### B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil?**

Leis an measúnú tionchair meastar réimse roghanna ar fud trí ghné bheartais, i gcomparáid leis an mbonnlíne:

1) Raon feidhme an chaighdeáin le haghaidh eisitheoirí bannaí glasa: (1) cur chuige deonach trína mbeadh eisitheoirí bannaí glasa saor chun a roghnú an caighdeán a chomhlíonadh (nó gan é a chomhlíonadh) nó (2) cur chuige sainordaitheach trínar ghá úsáid a bhaint as an gcaighdeán a bheidh ann sa todhchaí leis na bannaí glasa uile a eisítear san Aontas nó a eisíonn eisitheoir bunaithe san Aontas.
2) Láimhseáil rialála athbhreithneoirí seachtracha i gcomhair bannaí glasa atá ailínithe le BG-AE: (1) é a chur de chúram ar ESMA athbhreithneoirí seachtracha ar BG-AE a údarú, le formhaoirseacht agus ceanglais mhaoirseachta theoranta, agus (2) cosúil le (1) ach faoi chreat níos déine.
3) Solúbthacht ionchasach tugtha d'eisitheoirí ceannasacha ar mian leo úsáid a bhaint as BG-AE, i gcomparáid le heisitheoirí neamhcheannasacha: (1) solúbthacht ar bith, (2) solúbthacht maidir le ceanglais a bhaineann le bannaí nó (3) solúbthacht maidir le ceanglais a bhaineann le bannaí agus maidir leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

Bunaithe ar an anailís ar na roghanna éagsúla, moltar:

1. go mbunófaí BG-AE mar chaighdeán deonach agus é ailínithe le dea- chleachtas an mhargaidh agus le Tacsanomaíocht an Aontais,
2. go gcuirtear de chúram ar ESMA athbhreithneoirí seachtracha ar BG-AE a údarú, le ceanglais mhaoirseachta theoranta, agus

3. go dtugtar solúbthacht d'eisitheoirí ceannasacha maidir le ceanglais a bhaineann le bannaí, ach gan solúbthacht a thabhairt ó thaobh Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Tacaítear leis an measúnú tionchair ag aiseolas ó dhá chomhairliúchán ar líne faoin ábhar seo ar tugadh fúthu in 2020 (an comhairliúchán spriocdhírithe ar Bhanna Glas an Aontais (167 bhfreagra) agus an comhairliúchán poiblí maidir leis an Straitéis Athnuaite um Maoiniú Inbhuanaithe (SAMI) (648 bhfreagra)):

- Thacaigh tromlach mór de pháirtithe leasmhara leis an gcoincheap le haghaidh Chaighdeán Bannaí Glasa an Aontais, mar a mhol an Grúpa Saineolaithe Teicniúla um Maoiniú Inbhuanaithe.
- Thug tromlach mór freagróirí tacaíocht do chóras rialála le haghaidh athbhreithneoirí seachtracha faoi mhaoirseacht ESMA, agus d'iarr roinnt acu córas comhréireach, rud a thugann le fios go mbeadh an chuid is mó de na páirtithe leasmhara ar son rogha an chórais maoirseachta níos éadroime nó níos spriocdhírithe.
- Bhí eisitheoirí ceannasacha bannaí glasa san Aontas roinnte go cothrom ar an gceist i dtaobh ar cheart nó nár cheart solúbthacht a bheith ann maidir leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, ach bhí siad go mór ar son comhsheasmhacht a choimeád idir eisitheoirí ceannasacha agus corparáideacha

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta?**

Leis an rogha thosaíochta cuirtear le dea- chleachtais an mhargaidh i réimse an tuairiscithe agus an athbhreithniúcháin sheachtraigh, agus leis an ailíniú le Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht. Shocrófaí leis sin BG-AE mar an caighdeán is fearr ó thaobh na trédhearcachta agus na hinchreidteachta comhshaoil de, i gcomhréir leis an gcuspóir a bhaineann leis an margadh a fhorbairt agus le tacú leis le haghaidh bannaí glasa ar cháilíocht níos airde. Leis an gcaighdeán deonach molta in éineacht le cur chuige maoirseachta éadroime d'áiritheofaí go ngnóthófaí na cuspóirí ar an mbealach is costéifeachtúla agus is éifeachtaí.

Mheallfaí eisitheoirí bannaí glasa ardcháilíochta le caighdeán deonach, agus thug go leor díobh tacaíocht do BG-AE, ós rud é go bhfágfadh sin go bhféadfaidís cumarsáid a dhéanamh ar bhealach níos soiléire le hinfheisteoirí agus daoine eile faoina ndintiúir agus faoina ngealltanais ó thaobh an chomhshaoil de. An tráth céanna, bheadh an méid sin ina chuidiú chun tionchair shuaiteacha ar mhargaí bannaí glasa atá ann cheana a sheachaint, a d'fhéadfadh leanúint de bheith ag oibriú faoi shaoirse. Trí chur chuige maoirseachta níos éadroime agus níos spriocdhírithe i leith athbhreithneoirí seachtracha mhéadófaí trédhearcacht le haghaidh eisitheoirí agus infheisteoirí nósanna imeachta um athbhreithniúchán seachtrach, chuirfí feabhas ar chomhchuibhiú gnéithe áirithe de na cuir chuige éagsúla agus thabharfaí aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le coinbhleachtaí leasa, gan soláthraithe atá ann cheana a dhíspreagadh ó ghníomhú mar athbhreithneoirí le haghaidh BG-AE.

Ar an iomlán, sholáthrófaí leis an gcaighdeán buntáistí soiléire ó thaobh iontaoibhe de, rud a d'fhéadfaí a aistriú ina mbuntáistí praghsála i ndáil le fritháireamh costas sa bhanna agus dreasacht nua a sholáthar d'eisitheoirí úsáid a bhaint as sin. Ar an mbealach céanna, is féidir gur mian le heisitheoirí gealltanas glas níos láidre a léiriú tríd an gcaighdeán a úsáid. Sholáthrófaí deighleog bannaí glasa d'infheisteoirí lena n- áirithítear ardleibhéal sláine, trédhearcachta agus inchomparáideachta ó thaobh an mhargaidh de. Leis an tionscnamh thabharfaí rogha níos leithne d'infheisteoirí.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta?**

Bheadh gá le hinfheistíochtaí teoranta ag ESMA chomh maith le hinfheisteoirí seachtracha a chinneann liostáil. Is féidir go dtabhódh ESMA córais aonuaire agus costais leanúnacha íosta i bhfoirm acmhainní saothair breise, oiliúint, chomh maith le costais as forbairt TF. Féadfaidh athbhreithneoirí seachtracha costais bhreise a thabhú más mian leo an caighdeán a chomhlíonadh. Ba cheart táillí maoirseachta a choimeád chomh híseal agus is féidir don am i láthair mar gheall ar mhéid teoranta an mhargaidh. Bheadh ar athbhreithneoirí costais chomhlíontachta agus chomhairleacha dhlíthiúla dhíreacha áirithe a thabhú chomh maith le costais eagraíochtúla chun bheith údaraithe ag ESMA. Bheadh an caighdeán go hiomlán deonach le haghaidh eisitheoirí. Na costais ionchasacha a bhaineann le húsáid an chaighdeáin, is costais iad den chuid is mó a fhéadfaidh a bheith curtha ar aghaidh ó athbhreithneoirí seachtracha chomh maith le costais a bhaineann leis an tacsanomaíocht a chur i bhfeidhm. Bheadh costais a bhaineann le cur i bhfeidhm na tacsanomaíochta tabhaithe cheana faoi thionscnaimh eile (e.g. an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach), agus dá bharr sin bheadh siad fritháirithe i bpáirt cheana.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Bheadh úsáid an chaighdeáin deonach le haghaidh eisitheoirí FBM. Thairis sin tá sé mar aidhm le BG-AE méaduithe costais ar chaighdeáin mhargaidh eile a theorannú, lena n- áirítear le haghaidh eisitheoirí

| |
|---|
| ionchasacha FBM. Ag brath ar mhéid agus ar mhinicíocht na heisiúna, is féidir go mbeadh na costais sin níos mó go coibhneasta le haghaidh eisitheoirí FBM i gcomparáid le heisitheoirí móra. Is é an aidhm atá i gceist leis an gcreat ná athbhreithneoirí seachtracha beaga a tharraingt trí mhéid na gceanglas rialála agus na n- athruithe eagraíochtúla riachtanacha a theorannú. Is féidir, áfach, go mbeadh buntáistí costais ag athbhreithneoirí móra i gcomparáid le gníomhaithe margaidh beaga, mar thoradh den chuid is mó ar a stádas rialáilte (cheana) faoi chreataí rialála eile. I ndeireadh na dála, is beag iad na méaduithe costais intuigthe agus níor cheart go gcuirfí bac leo ar sheasamh iomaíoch athbhreithneoirí beaga. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Bheadh feidhm dhíreach ag an reachtaíocht agus bheadh cur chun feidhme teoranta ag riaracháin náisiúnta á héileamh léi. Bheadh tionchar íosta ar bhuiséid náisiúnta ag an rogha thosaíochta le haghaidh córais mhaoirseachta arna riar ag ESMA. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Leis an tionscnamh éascaítear sainaithint bannaí glasa ardcháilíochta sa mhargadh. Leis an méadú ar thrédhearcacht ba cheart feabhas a chur ar éifeachtúlacht an mhargaidh agus níos mó infheistíochtaí a spreagadh i dtreo tionscadail agus sócmhainní glasa ar cháilíocht níos airde, go háirithe i gcomhar le ceanglais nua maidir le nochtadh a eascraíonn as codanna eile den phlean gníomhaíochta níos leithne maidir le maoiniú inbhuanaithe. Ba cheart na tosca sin a bheith ina gcuidiú chun an geilleagar Eorpach a aistriú chuig teicneolaíochtaí agus próisis táirgeachta atá neodrach ó thaobh carbóin de agus nach bhfuil chomh truaillitheach céanna ar an iomlán, arb é an toradh atá air sin tionchair dhearfacha ar an gcomhshaol agus ar an tsochaí go ginearálta. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Moltar an beartas a athbhreithniú tar éis tréimhse leordhóthanach ama i ndiaidh dó a bheith curtha i bhfeidhm. |